snas TV NUACHT TG4

# Crann darach i mbaol

Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi chrann darach (*oak tree*) atá i mbaol (*in danger*) i Leitir Ceanainn. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| crann darach<br>i mbaol | *fell, cut down*<br>*cycling track …* |

1. Seo cuid de na crainn dhúchasacha atá againn in Éirinn. Meaitseáil na hainmneacha Gaeilge leis na hainmneacha Béarla.

| | |
|---|---|
| 1. **crann darach** | *a. pine tree* |
| 2. **crann fuinseoige** | *b. oak tree* |
| 3. **crann coill** | *c. hazel tree* |
| 4. **crann beithe** | *d. ash tree* |
| 5. **crann péine** | *e. rowan tree* |
| 6. **crann caorthainn** | f. *birch tree* |

| **1** | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

2. An féidir leat ainm na gcrann a mheaitseáil leis na pictiúir chuí? Scríobh an uimhir cheart in aice le gach crann.









3. Cad iad na crainn atá i do cheantarsa?
4. Cén tábhacht a bhaineann le crainn inár saol, dar leat?
5. An mbíonn tú ag rothaíocht go minic? Cén fáth?
6. An bhfuil sé sábháilte a bheith ag rothaíocht i do cheantar? Cén fáth?

# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. a ghearradh anuas, a leagan | a. *in honour of* |
| 2. muintir na háite | b. *residents* |
| 3. ríl mhór | c. *cycling track* |
| 4. in ómós | d. *to cut down* |
| 5. críonna | e. *consult* |
| 6. raon rothaíochta | f. *maple trees* |
| 7. in éadan na bagartha | g. *a popular reel (tune)* |
| 8. crainn mailpe | h. *wise* |
| 9. áitritheoirí | i. *against the threat* |
| 10. (téigh) i gcomhairle le | j. *locals* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Scríobhadh amhrán ________________ do chrann uasal na hÉireann. ________________ fidle a bhí san amhrán sin.
- Ghearr an chomhairle contae ________________ anuas ar Bhóthar Bhaile Raithin cheana.
- Is breá leis na rothaithe an ________________ nua atá acu ina mbaile mór.
- Deirtear gur crann ________________ é an crann darach.
- Tá na húdaráis áitiúla ag bagairt go ngearrfar anuas an crann agus tá muintir Leitir Ceanainn ________________ sin.
- Tá fearg ar ________________* mar leagadh cúpla crann mailpe cheana féin. (* = séimhiú)
- Tá agóidí ar bun ag ________________ Bhóthar Bhaile Raithin.
- Ní dheachaigh an t-údarás áitiúil ________________ leis an bpobal.
- Ba mhaith leo an crann darach ________________ chun raon rothaíochta a thógáil.

3. Cad is brí leis na téarmaí seo a bhaineann le rialtas áitiúil?

| | |
|---|---|
| **an chomhairle contae** | |
| **comhairleoir contae** | |
| **ceantar bardais** | |

4. Cad is brí leis na frásaí coitianta seo?

Caithfidh sé: ______________________ D'fhéadfadh sé: ____________________

# C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat ansin.

1. Cé hé Tomas Devine?

    ______________________________

2. Cén cineál crainn atá i mbéal an phobail sa mhír?

    ______________________________

3. Cén t-eolas a thugtar dúinn faoin gcrann sa mhír?

    ______________________________

4. Cén fáth a bhfuil an chomhairle contae ag iarraidh an crann a leagan?

    ______________________________

5. Cén fáth a bhfuil muintir na háite i mbun agóide?

    ______________________________

6. Cén fáth ar luadh an bhliain 2020?

    ______________________________

7. Cad a tharla ag an gcruinniú a bhí ag Ceantar Bardais Leitir Ceanainn?

    ______________________________



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (aidiacht shealbhach + réamhfhocail/réamhfhocail chomhshuite)

a) An dtuigeann tú conas a oibríonn an aidiacht shealbhach i bhfrásaí ar nós 'i mo chónaí', 'ina sheasamh', 'inár n-aonar'? Féach ar na samplaí seo:

**Tá siad ina gcónaí – *they are living*.** **Tá sí ina seasamh – *she is standing*.**

Déan iarracht an tábla thíos a líonadh.

| Réamhfhocal + aid. shealbhach | cónaí | dúiseacht | seasamh | aonar |
|---|---|---|---|---|
| i + mé = i mo | i mo chónaí | | | |
| i + tú = i do | | | i do sheasamh | |
| i + sé = ina | | | ina sheasamh | |
| i + sí = ina | | ina dúiseacht | | |
| i + muid = inár | | | | inár n-aonar |
| i + sibh = in bhur | in bhur gcónaí | | | |
| i + siad = ina | | | | ina n-aonar |

b) Féach cad a tharlaíonn nuair a chuirtear an aidiacht shealbhach agus réamhfhocal comhshuite le chéile. Cuir na rialacha céanna i bhfeidhm ar na réamhfhocail chomhshuite 'in éadan' agus 'i gcoinne'

**Tá sí ina dhiaidh – *she is after him*.** **Tá siad ina n-aghaidh – *they are against them*.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **i ndiaidh / in aghaidh +** | mé | i mo d**h**iaidh | i **m'**aghaidh |
| **i ndiaidh / in aghaidh +** | tú | i do d**h**iaidh | i **d'**aghaidh |
| **i ndiaidh / in aghaidh +** | sé | ina d**h**iaidh | ina aghaidh |
| **i ndiaidh / in aghaidh +** | sí | ina diaidh | ina **h**aghaidh |
| **i ndiaidh / in aghaidh +** | muid | inár **n**diaidh | inár **n-**aghaidh |
| **i ndiaidh / in aghaidh +** | sibh | in bhur **n**diaidh | in bhur **n-**aghaidh |
| **i ndiaidh / in aghaidh +** | siad | ina **n**diaidh | ina **n-**aghaidh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **i gcoinne / in éadan +** | mé | i mo | i mo |
| **i gcoinne / in éadan +** | tú | | |
| **i gcoinne / in éadan +** | sé | | |
| **i gcoinne / in éadan +** | sí | | |
| **i gcoinne / in éadan +** | muid | | |
| **i gcoinne / in éadan +** | sibh | | |
| **i gcoinne / in éadan +** | siad | | |

c) Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge:

| | |
|---|---|
| *He's sitting by the door*. (suí) | |
| *I'll leave after that*. (i ndiaidh) | |
| *Who will be playing against her?* (in éadan) | |
| *We live in an apartment.* (cónaí) | |
| *I would not like to be in her place.* (in áit) | |
| *She walked towards them.* (i dtreo) | |
| *The dog is with him.* (i dteannta) | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint – Plé

Bí ag obair i ngrúpa agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

a) An maith leat a bheith amuigh faoin aer? Cén fáth?

b) Cé acu is fearr leat? Roghnaigh ceann amháin ón liosta agus bí in ann do rogha a mhíniú.

| | |
|---|---|
| a bheith cois farraige | a bheith ag sciáil |
| a bheith ag rothaíocht | a bheith ag dreapadh sléibhe |
| a bheith ag spaisteoireacht faoin tuath | a bheith ag léamh leabhair sa leaba |

c) Cé acu séasúr is fearr leat? Bí in ann do rogha a mhíniú.

an t-earrach    an samhradh    an fómhar    an geimhreadh

d) Féach arís ar na crainn a pléadh faoi A: MACHNAMH. Cad é an crann is fearr leat ón liosta sin? Cén fáth?








e) Déan do mhachnamh ar am a chaith tú amuigh faoin aer agus a bhfuil cuimhní geala (*fond memories*) agat air. Inis do na daoine eile sa ghrúpa faoi.

## 2: Scríobh

Scríobh postáil do na meáin shóisialta faoi am deas a chaith tú amuigh faoin aer (díreach pléite thuas). Déan cur síos ar: an áit; an aimsir; na daoine a bhí i do theannta; an timpeallacht. Is leor ocht líne nó mar sin.

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí A: MACHNAMH chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat: |
| --- |
| |

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
I Leitir Ceanainn i gContae Dhún na nGall, tá sé tugtha le fios ag an gcomhairleoir contae, Tomas Devine, ón bPáirtí Cúitimh 100%, nach mbeidh crann darach atá 90 bliain d'aois i mBaile Raithin le gearradh anuas le spás a dhéanamh do raon rothaíochta. Tá agóidí ar bun ag muintir na háite ó fritheadh[1] amach cúpla seachtain ó shin go raibh sé i gceist an crann a leagan.

**Ailbhe Ó Monacháin**
An Crann Darach, ríl mhór fidle Thír Chonaill in ómós do chrann uasal na hÉireann. Ach ní mórán suaimhnis atá ag an chasadhmad[2] críonna seo, atá ina sheasamh go státúil ar Bhóthar Bhaile Raithin i Leitir Ceanainn, ó tháinig an scéal ón chomhairle contae go gcaithfí é a leagan le spás a dhéanamh do raon rothaíochta. Le cúpla seachtain, tá agóidí ar bun ag daoine sa cheantar in éadan na bagartha seo.

Tá muintir na háite míshásta gur ghearr an chomhairle anuas crainn mailpe le cúpla oíche anuas le spás a dhéanamh don raon rothaíochta. Deir daoine eile go bhféadfadh an chomhairle an raon a chur thart ar an tseanchrann.

Deir na háitritheoirí atá míshásta nach ndeachaigh an t-údarás áitiúil i gcomhairle leis an phobal i gceart ach deir an chomhairle gur tharla seo in 2020 agus nár cuireadh ina éadan.

Ag an agóid inniu, dúirt an comhairleoir contae, Tomas Devine, ón Pháirtí Cúitimh 100%, go dtug[3] an chomhairle le fios ag cruinniú Cheantar Bardais Leitir Ceanainn inné nach ngearrfaí anuas an crann darach go dtí go labhrófaí arís leis an phobal faoi.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i Leitir Ceanainn.

[1] fritheadh = leagan canúnach de 'fuarthas'
[2] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt. Cuirtear 't' ar ainmfhocal firinscneach a thosaíonn le 's' i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.
[3] go dtug = leagan canúnach de 'gur thug'

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

| | |
|---|---|
| 1. **crann darach** | *oak tree* |
| 2. **crann fuinseoige** | *ash tree* |
| 3. **crann coill** | *hazel tree* |
| 4. **crann beithe** | *birch tree* |
| 5. **crann péine** | *pine tree* |
| 6. **crann caorthainn** | *rowan tree* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| b | d | c | f | a | e |

1. 
2. 
3. 
4. 
5. 
6. 

*Is féidir a rá leo go mbeidh trácht ar pháirtí polaitíochta sa mhír – Páirtí Cúitimh 100% (*100% Redress Party*) ach ní gá dul i bhfad scéil leis. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bpáirtí sin anseo.

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| a ghearradh anuas, a leagan | *to cut down* |
| muintir na háite | *locals* |
| ríl mhór | *a popular reel* |
| in ómós | *in honour of* |
| críonna | *wise* |
| raon rothaíochta | *cycling track* |

| | |
|---|---|
| in éadan na bagartha | *against the threat* |
| crainn mailpe | *maple trees* |
| áitritheoirí | *residents* |
| (téigh) i gcomhairle le | *consult* |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| d | j | g | a | h | c | i | f | b | e |

2. Féach:
   - Scríobhadh amhrán **in ómós** do chrann uasal na hÉireann. **Ríl mhór** fidle a bhí san amhrán sin.
   - Ghearr an chomhairle contae **crainn mailpe** anuas ar Bhóthair Bhaile Raithin cheana.
   - Is breá leis na rothaithe an **raon rothaíochta** nua atá acu ina mbaile mór.
   - Deirtear gur crann **críonna** é an crann darach.
   - Tá na húdaráis áitiúla ag bagairt go ngearrfar anuas an crann agus tá muintir Leitir Ceanainn **in éadan na bagartha** sin.
   - Tá fearg ar **mhuintir na háite** mar leagadh cúpla crann mailpe cheana féin.
   - Tá agóidí ar bun ag **áitritheoirí** Bhóthar Bhaile Raithin.
   - Ní dheachaigh an t-údarás áitiúil **i gcomhairle** leis an bpobal.
   - Ba mhaith leo an crann darach **a ghearradh anuas / a leagan** chun raon rothaíochta a thógáil.

3. Féach:

| | |
|---|---|
| **an chomhairle contae** | *the county council* |
| **comhairleoir contae** | *county councillor* |
| **ceantar bardais** | *municipal district* |

4. Féach:
   Caithfidh sé: *He has to* D'fhéadfadh sé: *He could*

## C: TUISCINT

Féach an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (aidiacht shealbhach + réamhfhocail/réamhfhocail chomhshuite)

a) Féach:

| Réamhfhocal + aid. shealbhach | cónaí | dúiseacht | seasamh | aonar |
|---|---|---|---|---|
| i + mé = | i mo chónaí | i mo dhúiseacht | i mo sheasamh | i m'aonar |
| i + tú | i do chónaí | i do dhúiseacht | i do sheasamh | i d'aonar |
| i + sé | ina chónaí | ina dhúiseacht | ina sheasamh | ina aonar |
| i + sí | ina cónaí | ina dúiseacht | ina seasamh | ina haonar |
| i + muid | inár gcónaí | inár ndúiseacht | inár seasamh | inár n-aonar |
| i + sibh | in bhur gcónaí | in bhur ndúiseacht | in bhur seasamh | in bhur n-aonar |
| i + siad | ina gcónaí | ina ndúiseacht | ina seasamh | ina n-aonar |

b) Féach:

| | | |
|---|---|---|
| **i gcoinne / in éadan +** | mé | i mo c**h**oinne / i **m'**éadan |
| **i gcoinne / in éadan +** | tú | i do c**h**oinne / i **d'**éadan |
| **i gcoinne / in éadan +** | sé | ina c**h**oinne / ina éadan |
| **i gcoinne / in éadan +** | sí | ina coinne / ina **h**éadan |
| **i gcoinne / in éadan +** | muid | inár **g**coinne / inár **n-**éadan |
| **i gcoinne / in éadan +** | sibh | in bhur **g**coinne / in bhur **n-**éadan |
| **i gcoinne / in éadan +** | siad | ina **g**coinne / ina **n-**éadan |

c) Aistrígí na habairtí thíos go Gaeilge:

| | |
|---|---|
| *He's sitting by the door.* (suí) | Tá sé ina shuí in aice leis an doras. |
| *I'll leave after that.* (i ndiaidh) | Imeoidh mé ina dhiaidh sin. |
| *Who will be playing against her?* (in éadan) | Cé a bheidh ag imirt ina héadan? |
| *We live in an apartment.* (cónaí) | Táimid inár gcónaí in árasán. |
| *I would not like to be in her place.* (in áit) | Níor mhaith liom a bheith ina háit. |
| *She walked towards them.* (i dtreo) | Shiúil sí ina dtreo. |
| *The dog is with him.* (i dteannta) | Tá an madra ina theannta. |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo na ceisteanna a phlé le chéile. Léigh trí na ceisteanna ar dtús le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Pléigh na ceisteanna ar fad ansin leis an rang iomlán.

### 2: Scríobh

Iarr orthu ansin postáil a scríobh, timpeall 8 líne nó mar sin, faoi am deas a bhí acu amuigh faoin aer.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

*Curtha ar fáil ag* Ollscoil Mhá Nuad | Lárionad na Gaeilge *le tacaíocht ó*
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta; An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media; TG4